Sonraíocht Nua

StudentBounty.com

Rewarding Learning

**ADVANCED**
**General Certificate of Education**
**2010**

# Rialtas agus Polaitíocht

## Aonad Measúnaithe A2 2

### Cumhacht Pholaitiúil agus Smaointe Polaitiúla

**[AQ221]**

AQ221

**DÉ hAOINE 28 BEALTAINE, MAIDIN**

**AM**

1 uair 30 nóiméad.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra ar an Leabhrán Freagraí atá ar fáil.
**Ceachtar acu**
Freagair Ceisteanna **1**, **2** agus **3(a)** nó **3(b)** i **Rogha A**: Cumhacht Pholaitiúil
**Nó**
Freagair Ceisteanna **1**, **2** agus **3(a)** nó **3(b)** i **Rogha B**: Smaointe Polaitiúla.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 60 an marc iomlán don pháipéar seo.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gCeisteanna **2** agus **3**.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.

**COMHAIRLE D'IARRTHÓIRÍ**

Moltar duit an t-am scrúdaithe a roinnt de réir líon na marcanna atá ag dul do gach ceist.
Don rogha agat, ba chóir duit tagairt a dhéanamh don Fhoinse agus ceisteanna **1** agus **2** á bhfreagairt agat.



www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

## Rogha A: Cumhacht Pholaitiúil

**Foinse**

> Má dhéantar córais pholaitiúla, idir chórais stáiriúla agus chórais chomhaimseartha, a bhreithniú ar dhóigh ar bith, cinnteofar nach bhfuil i gceist le smaoineamh an daonlathais ach é sin: smaoineamh. Ar an saol seo ba rud annamh i ndáiríre iad córais dhaonlathacha agus ba ghearr a saol. I gcás mhórchuid na gcóras polaitiúil bhí líon beag daoine ón tsochaí nó duine amháin á rialú. Tig le stáit a mhaíomh go bhfuil an daonlathas i réim iontu, agus tá “daonlathais liobrálacha” nua-aimseartha an iarthair san áireamh anseo, ach maíomh gan bhunús atá ann. Is féidir go mbunaítear stáit áirithe mar dhaonlathas ach ní fada go dtagann an rud a dtugann Michels “Diandlí na hOlagarcachta” air i bhfeidhm. Is é fírinne an scéil é nach bhfuil spéis ag “daoine” sa pholaitíocht nó nach bhfuil siad cliste go leor le roghanna ciallmhara polaitiúla a dhéanamh.

**1** Cén teoiric maidir le cumhacht pholaitiúil a chuirtear chun tosaigh san Fhoinse? Trí thagairt a dhéanamh don Fhoinse agus d’ábhar ábhartha ar bith eile a ndearna tú staidéar air, mínigh 3 fháth le do rogha. [10]

**2** Trí thagairt a dhéanamh don Fhoinse agus d’ábhar ábhartha ar bith eile a ndearna tú staidéar air, mínigh cad é mar is féidir teoiric na cumhachta polaitiúla a shainaithin tú i gCeist 1 a cháineadh. [15]

**3** **Ceachtar acu**

**(a)** Is é an daonlathas an t-aon fhoirm dhlisteanach amháin de rialtas atá ann. Luacháil an dearcadh seo. [35]

**Nó**

**(b)** Luacháil na tosca a d’fhéadfadh an bonn a bhaint de chobhsaíocht stáit. [35]



StudentBounty.com

www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

## Rogha B: Smaointe Polaitiúla

**Foinse**

> Ba í an ghéarchéim a bhain an bonn d'ord geilleagrach an domhain in 2008 a dheimhnigh an éagobhsaíocht atá mar bhunchuid de chórais gheilleagracha chaipitleacha. Ba iad nádúr neamhrialáilte na margaí caipitleacha agus mionlach beag daoine ar thóir saibhris is mó beag beann ar dhaoine eile, ba chúis leis an ghéarchéim dhomhanda. Sa ghéarchéim seo ba iad na gnáthoibrithe a bhí thíos leis maidir le poist a chailleadh nó le caighdeán is ísle maireachtála. Na daoine sin ar leo na heagraíochtaí caipitleacha agus a rialaíonn iad, ní chailleann siad rud ar bith. Mórchuid na ndaoine sin atá i gceannas ar chorparáidí ar chlis orthu, fuair siad na milliúin punt mar shoncíocaíocht. Chuir géarchéim 2008 in iúl dúinn cad é a bhí i ndán d'ord geilleagrach an domhain atá ag titim as a chéile go gasta anois ar dhóigh a n-athróidh an saol againn.

**1** Cén dearcadh idé-eolaíoch atá á chur chun tosaigh san Fhoinse? Trí thagairt a dhéanamh don Fhoinse agus d'ábhar ábhartha ar bith eile a ndearna tú staidéar air, mínigh 3 fháth le do rogha. [10]

**2** Na daoine sin atá in éadan an dearcaidh idé-eolaíoch a shainaithin tú i gCeist 1, mínigh an dóigh a gcáinfeadh siad é i dtaca leis an idé-eolaíocht de. Déan tagairt don Fhoinse agus d'ábhar ábhartha ar bith eile a ndearna tú staidéar air. [15]

**3** **Ceachtar acu**

**(a)** Luacháil an dóigh a ndeachaigh dearcadh Edmund Burke ar an nádúr daonna, mar a chuirtear in iúl in ***Reflections on the Revolution in France*** é, i bhfeidhm ar a smaointe polaitiúla. [35]

**Nó**

**(b)** Luacháil moltaí John Stuart Mill maidir le sochaí shaor fhorchéimnitheach a chruthú, mar a chuirtear chun tosaigh in ***On Liberty*** é. [35]

---

# SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR

---



www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

StudentBounty.com

StudentBounty.com

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.



www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers